Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13483/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0299(NLE)**

**RESUA 23**
**UA PLATFORM 12**
**FIN 1138**
**ECOFIN 1278**
**ELARG 106**
**COEST 718**
**DEVGEN 160**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Úcráin Plean na hÚcráine ('an Plean') a chur isteach an 20 Márta 2024, mhol an Coimisiún don Chomhairle measúnú dearfach a dhéanamh air. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle[2].

(2) Ó d'fhormheas an Chomhairle an Plean, agus i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh suim EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus eisíocadh suim EUR 1 890 000 000 leis an Úcráin i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, ar réamhíocaíocht 7 % den tacaíocht iasachta é a bhfuil an Úcráin incháilithe lena fáil faoin bPlean. Eisíocadh suim bhreise EUR 14 995 446 398 leis an Úcráin sna chéad cheithre thráthchuid faoin bPlean de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792.

(3) Tá cúrsaí san Úcráin fós an-dúshlánach. Tá cogadh foghach leanúnach na Rúise ag cur moill ar théarnamh eacnamaíoch agus atógáil na hÚcráine agus tá brú ollmhór á chur ar a hacmhainneachtaí riaracháin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Úcráin roinnt céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla faoin bPlean a bhaint amach, ní go páirteach ná go hiomlán, a thuilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le huainiú na gcéimeanna sin.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(4) An 7 Lúnasa 2025, tar éis don Úcráin dul i gcomhairle le Verkhovna Rada, mhol an Úcráin leasuithe ar an bPlean de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2024/792 ('na leasuithe atá beartaithe') ar an bhforas nach féidir an Plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de dheasca imthosca oibiachtúla.

(5) Baineann na leasuithe atá beartaithe le 46 chéim as na 146 chéim cháilíochtúla agus chainníochtúla a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447. Tagraíonn na leasuithe atá beartaithe do chéimeanna atá le cur chun feidhme idir R3-2025 agus R4-2027. I gcás 10 gcinn de na céimeanna sin, mhol an Úcráin síneadh a chur leis an sprioc-am tosaigh, agus rinneadh dul chun cinn maidir le 4 chéim. Leasaíodh de bheagán an tuairisc ar 36 chéim, chun earráidí cléireachais a cheartú den chuid is mó. Rinneadh dhá chéim a roinnt ina dhá gcéim an ceann, cumascadh dhá chéim ina n-aon chéim amháin agus scriosadh céim amháin a bhí nasctha le sprioc eatramhach. Laghdaíodh leithdháiltí infheistíochta chun foinsí eile deontóirí a léiriú i gcás infheistíochtaí sonracha nó éileamh níos ísle ná mar a bhí coinne leis ar dtús, rud a fhágann gur féidir na méideanna a ath-leithdháileadh ar thacaíocht bhuiséadach ghinearálta. Léiríonn ath-leithdháileadh den sórt sin na brúnna fioscacha a eascraíonn as an gcogadh leanúnach agus cuidíonn sé le haghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, níor tháinig athrú ar an líon iomlán céimeanna sa Phlean ná ar an líon tosaigh athchóirithe agus infheistíochtaí. Moladh roinnt leasuithe a bhaineann leis na socruithe chun an Plean a chur chun feidhme agus chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh air gan aon tionchar a bheith ag na leasuithe sin ar an measúnú tosaigh ar an bPlean ón gCoimisiún.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, ar chuimsitheacht agus ar oiriúnacht na leasuithe atá beartaithe. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, d'oibrigh sé, a mhéid ab fhéidir, i gcomhar leis an Úcráin. Mheasúnaigh an Coimisiún go háirithe maidir leis na leasuithe atá beartaithe an freagairt riachtanaisbhunaithe chuimsitheach iad atá cothrom a dhóthain ar chuspóirí na Saoráide don Úcráin, an rannchuidíonn siad le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i gcomhthéacs chonair aontachais na hÚcráine leis an Aontas agus an bhfuil siad comhsheasmhach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, an bhfuil siad comhsheasmhach le prionsabail ghinearálta na Saoráide don Úcráin a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/792, agus an gcomhlíonann siad riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe na hÚcráine. Leis na leasuithe atá beartaithe, coinnítear ar bun uaillmhian an Phlean rannchuidiú leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin, leis an smacht reachta a chur chun cinn, le cuspóirí sóisialta agus leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní. Ní dhéanann na leasuithe atá beartaithe difear do na socruithe atá ann faoi láthair chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ar deireadh, mheasúnaigh an Coimisiún an ndeachthas i gcomhairle go cuí le Verkhovna Rada i gcomhréir le creat dlí náisiúnta na hÚcráine, an gcuirtear san áireamh na leasuithe atá beartaithe, i gcás inarb iomchuí, ionchur ó na páirtithe leasmhara agus an áirithítear leis na leasuithe atá beartaithe gur féidir le deontóirí eile tacú le cuspóirí an Phlean.

(7) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe atá beartaithe difear don mheasúnú dearfach ar an bPlean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann le hábharthacht, cuimsitheacht agus oiriúnacht an Phlean. Sa mheasúnú ón gCoimisiún, chuir sé san áireamh go háirithe na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 18(3), pointí (a) go (l), de Rialachán (AE) 2024/792.

(8) De bhun Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2024/792, measann an Coimisiún go bhfuil údar cuí leis na leasuithe atá beartaithe.

(9) De bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792, is féidir leis na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais nó foinsí eile ranníocaíochtaí breise a sholáthar don tSaoráid don Úcráin, lena n-áirítear ranníocaíochtaí a sholáthar don Phlean.

(10) De bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792, soláthróidh an tSualainn SEK 750 000 000, arb ionann é agus thart ar EUR 67 000 000, mar ranníocaíocht airgeadais bhreise le Colún I den tSaoráid don Úcráin i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha. Is ioncam sannta seachtrach í an ranníocaíocht sin. Tá an Coimisiún freagrach as an ranníocaíocht sin a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le caiteachas an Aontais, go háirithe na nósanna imeachta faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Rialachán (AE) 2024/792.

(11) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais ón tSualainn a chur ar fáil don Úcráin faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe maidir le haistriú idir an tSualainn agus an Coimisiún agus faoi réir aistriú na ranníocaíochta airgeadais gaolmhaire. Leithdháiltear an ranníocaíocht airgeadais sin ar an seachtú, ar an ochtú agus ar an naoú tráthchuid ráithiúil den Phlean agus meastar go n-eisíocfar é faoi réir chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha. Déanfar méideanna an seachtú, an ochtú agus an naoú tráthchuid den Phlean a choigeartú dá réir sin chun méid deiridh na ranníocaíochta airgeadais sin arna shloinneadh ina euro, a eascraíonn as cur i bhfeidhm an ráta malairte oifigiúil tráth an aistrithe, a chur san áireamh.

---

3 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(12) Measann an Coimisiún go gcomhlíonann na leasuithe atá beartaithe go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2024/792, agus gur cheart measúnú dearfach a dhéanamh ar na leasuithe atá beartaithe. Dá bhrí sin, ba cheart an measúnú a fhormheas agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla is gá chun Plean na hÚcráine, arna leasú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle, a chur chun feidhme agus ba cheart an méid breise atá le cur ar fáil ón Aontas a leagan amach sa Chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine*

Ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/792, déantar an measúnú ón gCoimisiún ar Phlean leasaithe na hÚcráine, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/… ón gComhairle[*+], a fhormheas. Na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta a dtugtar tuairisc orthu i bPlean leasaithe na hÚcráine, na socruithe agus an tráthchlár maidir le Plean na hÚcráine a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na doiciméid fholuiteacha agus ar na sonraí foluiteacha a thabhairt don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

[*] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, …, ELI: …).';

---

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh seo (doiciméad ST 13483/25) agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

(2) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Cuirfear ranníocaíocht airgeadais bhreise, i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í in EUR agus SEK 750 000 000 ag an ráta malairte oifigiúil tráth a aistreoidh an tSualainn an ranníocaíocht chuig an tSaoráid don Úcráin, ar fáil don Úcráin de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792.

Cuirfear an ranníocaíocht airgeadais bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’;

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*